Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8292/26**

**JEUN 55**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | A áirithiú go mbeidh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta fabhrach don óige<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 11 Bealtaine 2026.

**A áirithiú go mbeidh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta fabhrach don óige**

*Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht*

(An Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt)

Le fiche bliain anuas, tá forbairt shuntasach tagtha ar an gcomhar i réimse na hóige ar leibhéal an Aontais, ag bogadh ó chur chuige earnála go cur chuige níos cuimsithí agus níos trasearnála. Léiríonn an fhorbairt sin go bhfuil méadú ag teacht ar an aitheantas go múnlaíonn raon réimsí beartais idirnasctha saol daoine óga, lena n-áirítear oideachas, fostaíocht, meabhairshláinte, digiteáil agus rannpháirtíocht dhaonlathach. Faoi Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh (2019-2027) atá ann faoi láthair, rannchuidítear le príomhshruthú na hóige a chur chun cinn, rannpháirtíocht a neartú trí ionstraimí ar nós Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus cuimsiú a fheabhsú trí dhul i dteagmháil le grúpa níos leithne agus níos éagsúla daoine óga.

D’ainneoin an dul chun cinn, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta ‘fabhrach don óige’ i ndáiríre. Leanann daoine óga de bheith ag dul i ngleic le dúshláin leanúnacha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear costais mhaireachtála atá ag dul i méid, rochtain ar thithíocht inacmhainne, meabhairshláinte agus folláine, agus neamhionannais maidir le rochtain ar oideachas, scileanna agus deiseanna. De réir Fhlais-Eorabharaiméadar 556 (2025)[1], creideann beagnach ceathrar as gach deichniúr Eorpach óg gur cheart don Aontas tosaíocht a thabhairt d’infheistíocht i dtithíocht inacmhainne agus i dtacaíocht don chostas maireachtála, agus oideachas, oiliúint agus scileanna, meabhairshláinte agus folláine ina dhiaidh sin. Leagtar béim sna torthaí sin ar an ngá atá le beartais atá dírithe ní hamháin ar dhaoine óga ach a mhúnlaítear freisin lena rannpháirtíocht ghníomhach.

---

[1] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide. (2025). *Flais-Eorabharaiméadar 556 – EU challenges and priorities: Young people’s views.* [Dúshláin agus tosaíochtaí an Aontais: Tuairimí daoine óga.] Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. https://doi.org/10.2775/9830210

Ag an am céanna, tá tionchar fós ag forbairtí sochaíocha níos leithne – mar shampla an claochlú digiteach, lena n-áirítear dul chun cinn tapa na hintleachta saorga agus scaipeadh na bréagaisnéise agus rioscaí ar líne – ar shaol, ar fholláine agus ar rannpháirtíocht dhaonlathach daoine óga. Treisíonn sé sin an gá atá le cur chuige trasearnála réamhbhreathnaitheach maidir le beartas óige atá freagrúil do na réaltachtaí athraitheacha atá os comhair daoine óga sa lá atá inniu ann.

Cuireann daoine óga in iúl gur mian leo go gcuirfí san áireamh go fóinteach iad sna próisis chinnteoireachta agus iarrann siad ar an lucht ceaptha beartais a n-ábhair imní a fhreagairt agus éisteacht go géar lena dtuairimí[2]. Le linn Chomhdháil Óige an Aontais a d'eagraigh Uachtaránacht na Cipire, rinne daoine óga machnamh ar an gcaoi ar féidir le beartais an Aontais a bheith níos fabhraí don óige trí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar a riachtanais, rannpháirtíocht fhóinteach a neartú ag gach céim den timthriall beartais, agus feabhas a chur ar an obair leantach a dhéanann institiúidí an Aontais ar na moltaí a eascraíonn as Comhdhálacha Óige an Aontais.

Dá bhrí sin, chun a áirithiú go bhfuil beartais fabhrach don óige, ní mór dearcadh na hóige a leabú ar fud an timthrialla beartais ar fad, ón dearadh agus ón gcur chun feidhme go dtí an faireachán agus an mheastóireacht. D'fhéadfaí a áireamh leis sin uirlisí príomhshruthaithe na hóige a neartú, ar nós seiceálacha óige agus measúnuithe tionchair, chun measúnú córasach a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag beartais ar dhaoine óga. Tá daoine óga ar son obair leantach níos comhleanúnaí agus níos trédhearcaí, agus molann siad go ndéanfaí a rannchuidithe i bpróisis rannpháirtíochta a léiriú go fóinteach i dtorthaí beartais.

Tá rannpháirtíocht fhóinteach na hóige fós i gcroílár an cheaptha beartas atá fabhrach don óige. Cé go bhfuil struchtúir ar nós Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh tar éis éirí níos cuimsithí, leanann daoine óga de bheith ag iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht níos láidre sa chinnteoireacht agus go mbeadh tionchar nithiúil ag a n-ionchur. Is féidir le huirlisí rannpháirtíochta nuálacha tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhor-rochtain ar ghrúpaí éagsúla daoine óga agus rannpháirtíocht chuimsitheach agus rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach a áirithiú.

---

[2] Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide. (2025). *Youth survey 2024 (FL013EP)* [Suirbhé 2024 don óige (FL013EP)]. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. https://doi.org/10.2861/3385523

Ag an am céanna, ba cheart beartais atá fabhrach don óige a bheith inrochtana, sothuigthe, ábhartha do thaithí saoil daoine óga agus éifeachtach le himeacht ama. Áirítear leis sin cumarsáid a shimpliú, ualaí riaracháin a laghdú, measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus a áirithiú go leanfaidh beartais de bheith cuimsitheach agus freagrúil do riachtanais atá ag teacht chun cinn. Le cuir chuige chomhordaithe, is féidir feabhas leanúnach a éascú agus seasamh le soláimhsitheacht na hóige mar threoirphrionsabal i bhforbairt beartais amach anseo. Sa chomhthéacs sin, le forbairt na chéad Straitéise Óige eile de chuid an Aontais tar éis 2027, tugtar deis ar leibhéal an Aontais cur leis an méid atá bainte amach cheana agus aghaidh á tabhairt ar na bearnaí atá ann go fóill. Is é is aidhm don phlé léargais a chur ar fáil agus dea-chleachtais a chomhroinnt chun a cinntiú go bhfreagróidh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta go héifeachtach do riachtanais agus do mhianta daoine óga.

**Ceisteanna ar na hairí:**

1. An féidir libh samplaí de dhea-chleachtais a roinnt in bhur dtír féin a chuidigh le beartais a dhéanamh níos fabhraí don óige? Cad iad na dúshláin a bhí romhaibh agus conas a tugadh aghaidh orthu?

2. Ag féachaint chun cinn, cad iad na smaointe nó na tograí nithiúla a mholfadh sibh chun a chinntiú go mbeadh an chéad Straitéis Óige eile de chuid an Aontais níos fabhraí don óige, go háirithe ó thaobh rannpháirtíochta, cur chun feidhme agus tionchair de?